# Agallaṁ Beirte

## An tAsbal agus an Filí

### Asbal

Ba filí tú san gceantar seo nó cá'il tú teaċt ċoṁ fada linn,
Naċ ḃfuil ualaċ peacaí ort san gcaoi ar ċaiṫ tú feaḋ do ṡaoil,
Nó cén fáṫ naċ ḃfuair tú glanta iad sul ar ṫáinig tú ċoṁ fada seo
Mar taoḃ istiġ de na geataí seo ní raċaiḋ tusa ċoiḋce.

### Filí

Ara stop is ná bí caint mar sin ní ṫusa Rí na ḃFlaiṫeas anseo,
Tá Peadar i ḃfad níos ceannasaí is é céimeannaí ós do ċionn,
Aċ ġá dtagaḋ sé ċoṁ fada liom go n-innseoinn-se mo ṗeacaí ḋó
'S má b'ḟan peacaí beaga ar m'anam-sa is cuma leis-sean faoi.

### Asbal

Ara dún do ḃéal a scaḃtéara is ná bí coineál cainte liom
Tá tú rapáil ar na geataí sin is ġá lasgaḋ ar feaḋ na hoíċe
Aċ má ṫéim-se 'maċ ċoṁ fada leat imeoiḋ tú 'gus teannaḋ leat
Mar tá sé scríoḃta anseo ar na leacraċaí an ċaoi ar ċaiṫ tú do ṡaol.

### Filí

Ó feicim ċoṁ maiṫ leatsa sin, ní mórán atá le freagairt am
lig isteaċ ṫar na geataí mé is ná bí leaṫ ċóṁ dian,
Nár glaoiḋ siar ar an sagart dom, fuair mé ola is aiṫrí uaiḋ
Nár ṁaiṫ sé mo ċuid peacaí dom sul ar ḟága mé an saol.

### Aspal

Aċ ná ceap go ḃfuil siad glanta duit, tá lorg fós ar t-anam-sa,
Ní ṁaiṫfí amuiċ sa Vatican a ndearna tú feaḋ do ṡaoil
le filíoċt is droċ-ċainteanna, ḃí siad sin go fairsing a'd
Aċ ná síl anois a ċleasaí go ngaḃfaiḋ tú isteaċ san Ríoċt.

### Filí

Naċ ṡin é an scéal naċ dtaiṫníonn leob, tá na filí gann san gceantar úd,
Ó d'éag an Suiḃneaċ 's Raifteirí 's de Ḃailís as Tír an Ḟiaiḋ,
Ní raiḃ an tOireaċtas an t-am sin ann, Féis Ceoil ná an Cumann drámaíoċta,
ġnóṫaiġ mé leaṫ-céad punt an tseaċtain sin nó brabaċ ós a ċionn

### Asbal

Aċ arnó ċuir tú i dtaisce é, isteaċ sa mbanc a leag tú é!
Tá mé cinnte dearḃṫa gur ól tú ċuile pingin,
Ar an teaċ ósta ḃíoḋ do ṫarraingt, an pionta do láiṁ deas agad
Aċ nuair a ḃíoḋ do ṗócaí falaṁ agad naċ m'éigean duit suí síos.

## Filí

Níl sé anois mar ceapann tú san saol úd a ḃí againne
Tá córas is deis taistil ann, tá an doċtúr le fáil saor,
Tá liúntas do luċt leanḃ ann 'gus pinsin mór do ḃaintreaċaí
'S ġá mbeidís ċoṁ críonna is ceapann tú naċ pioneers a ḃeaḋ san tír

## Asbal

Ní raiḃ cáilíoċt ná caracter a'd, naċ raiḃ do ṁuintir damnaiṫe a'd,
le deaḃlaíoċt is le aċrann is go do triáil ag cúirt dlí,
Scaití fáisgṫí bannaí ort, ní ċuiṁneofá faoi ceann seaċtain air
Aċ san bpríosún ḃíoḋ do leaba-sa is ann a ċaiṫ tú leaṫ do ṡaoil.

## Filí

San gcoṁarsanaċt ar ṁair mise ḃí daoine ann ḃí cruaiḋ barainneaċ
d'ólaidís ċoṁ maiṫ liomsa is níor ċaiṫ siad ariaṁ pingin,
na súdairí dul ṫart ansin le súil go ng'laoḋfaí isteaċ ortab
Aċ ní ġaḃfaiḋ leiṫ-pingin rua san talaṁ leo ġá ċruaḋa á ḃfuil a
gcroi.

## Asbal

Aċ pé ar biṫ cé ċas agam ṫú go dtógaiḋ sé as m'aṁarc ṫú
Ná bí coinneál cainte liom aċ fáiġ caṫaoir is suiġ síos,
Fan isteaċ le balla ansin go dtagaiḋ an breiṫeaṁ ċoṁ fada leat
Mar tá mé cinnte dearḃṫa go ḃfuiġiḋ tú malairt slí

## Filí

Aċ ní ṫuigeann tú anois dada faoin spóirt údaí ḃíoḋ againne
Cruinniṫe i dteaċ a' leanna isteaċ 'sa ndóṫain ólta a'inn go binn,
na filí go cruinn baileaċ ann, is ann a ḃí a dtabairt amaċ acu
is dá gcaiṫeá bliain in aice leo ní aiṫreoċa ann aċ mí.

Máirtín Ó Curraiḋin.

+++++++++++++++++++++++++++++++++

## An Deoraí

1.

Áḃar filíoċta is mise ḋá ṫóraíoċt,
lár mo smaointe ṡeas an deoraí,
ṫ'éis allus fuar a ṡilt ḋá ṫógáil,
é ar fán a' sclábaíoċt i ngort na coṁarsan.

2.

Duitse fiafraím céard a ṫárla
Taḃair dom freagra údar is áḃar,
ní gan tsiocair a ċaill sé grá dúinn
Óir is fuar an fuil a ṫréigeas nádúr.